# Gaelscoil Dara

# Cód Iompair

Nuair a bhí an cód seo á chur i dtoll a chéile tugadh cuireadh do thuismitheoirí na scoile moltaí a chur ar fáil.

Bhí gach ball den fhoireann teagaisc páirteach i leagan amach an chóid.

Cuirfear cóip den chód seo ar fáil do gach tuismitheoir.

Déanfar athbhreithniú ar an gcód seo go tráth rialta.

**Réamhrá:**

Tá an polasaí seo scríofa ag baint úsáide as *Cód Iompair a Fhorbairt: Treoirlínte do Scoileanna (*TUSLA) agus an reachtaíocht bainteach le *hAcht Oideachais 1998* agus le *hAcht OIdeachais (Leas.) 2000.*

Nuair a bhí an cód seo á leagan amach rinneadh machnamh ar;

1. Aidhmeanna ginearálta an bhunoideachais:
   (a) A chur ar chumas an pháiste saol iomlán mar is dual do pháiste a chaitheamh agus a (h)acmhainn mar dhuine faoi leith a thabhairt chun críche
   (b) A chur ar chumas an pháiste forbairt mar neach sóisialta trí mhaireachtáil agus chomhoibriú le daoine eile agus sa tslí sin cuidiú le tairbhe na sochaí.
   (c) An páiste a ullmhú le haghaidh breis oideachais agus foghlama ar feadh a shaoil.

2. Aidhmeanna ar leith na scoile áirithe seo.
   (a) A chruthú do thuismitheoirí go m'bhfiú dóibh a muinín a chur sa scoil seo nuair a chinneadar a bpáistí a chur ag freastal ar an scoil.
   (b) Oideachas chomh cuimsitheach céanna a chur ar fáil trí mhéan naGaeilge agus atá le fáil i scoil ar bith.
   (c) Eolas a thabhairt don pháiste ar a (h)oidreacht agus ar a c(h)ultúr luachmhar mar shaoránach do chuid na tíre seo.
   (d) Árd-líofacht agus litearacht a bhaint amach sa dara teanga, an Ghaeilge, ionas go mbeidh an-mheas ag an dalta uirthi, go mbeidh gean aige/aici di, go dtuigfidh sé/sí go mbaineann sí lena linn féin agus go labhróidh sé/sí ar gach deis í.

(e) Go mbeadh comhchumas ag an dalta i mBéarla agus i nGaeilge ar fhágáil na bunscoile dó/di sa chaoi go gcabhródh an dátheangachas seo leis/léi agus é/í ag tabhairt faoi fhoghlaim trí mheán na Gaeilge nó ag foghlaim an tríú teanga sa mheánscoil.
(f) Go rachadh an t-iarscoláire amach sa saol le dearcadh dearfach, freagrach i leith na timpeallachta, agus an phobail.

Agus an Cód Iompair á chur i dtoll a chéile agus á chur i bhfeidhm meabhraítear na poinntí seo a leanas:

- Gur duine daonna ilchasta an uile pháiste faoin a riachtanais agus a achmhainní féin go fisiciúil, ina c(h)uid mothúchán, go hintleachtúil agus go spioradálta.

- Mar gur duine ar leith é gach páiste, ní mor é a mheas as a luach féin, agus an cinéal agus an éagsúlacht deiseanna a chur ar fáil dó/di a thabharfaidh spreagadh agus sásamh dó/di sa chaoi go ndéanfaidh sé/sí lánfhobhairt ar a c(h)umais nádúrtha de réir a ráta luais féin.

- Glactar leis go coitianta má tá cothrom na féinne le fáil ag an dalta bunscoile go bhfuil gach ceart aige/aici an t-oideachas a fháil i dtimpeallacht atá chomh saor agus is féidir ó iompar a chuireann as don fhoghlaim.

- Déanfaidh an múinteoir gach dícheall caitheamh go cneasta leis na daltaí agus searbhas nó géarcháineadh a sheachaint. Glacann múinteoirí na scoile seo leis go bhfuil an-tábhacht go deo ag baint le haithne mhaith a chur ar thuismitheoirí na ndaltaí, agus dea-ghaol a chothú leo ar bhonn leanúnach.

- Go mbeadh na múinteoirí chomh heolach agus is féidir ar chúlra na bpáistí. Go mbeadh muid ar an eolas faoi chásanna ina mbeadh fadhbanna agus deacrachtaí ag teaghlaigh a mbeadh tionchar díreach nó indíreach acu ar iompar na bpáistí ar scoil. Ní gá a rá ar ndóigh go gcoinnítear an t-eolas seo go han-rúnda. I gcásanna eisceachtúla cuirfear comhairle ar thuistí meastachán gairmiúil a fháil déanta ar an bpáiste.

- Go gcuirfí na tuismitheoirí ar an eolas go rialta faoi aidhmeanna, polasaithe, rialacha, imeachtaí agus ‘nuacht’ scoile trí mheán “ScéalaDara” ar ríomhphost, treoracha do thuismitheoirí, na daltaí iad féin nó tré chruinnithe leis na tuismitheoirí. Míneofar dóibh conas is féidir leosan tacú le múinteoirí eg. obair bhaile, fearais riachtanacha, lón srl. agus tabharfar eolas dóibh faoi na haidhmeanna agus cur chuige.

- Go n-aireodh na tuismitheoirí go bhfuil fáilte rompu buaileadh leis na múinteoirí ach coinne a dhéanamh i gcónaí.

- Go mbéimís uilig idir mhúinteoirí, dhaltaí agus thuismitheoirí mar 'phobal' amháin atá ag obair as láimh a chéile ar son na n-aidhmeanna céanna; go mbeadh gach éinne ag comhoibriú le chéile chun dea-cháil na scoile a chaomhnú. Cabhraíonn imeachtaí sóisialta, bailiúcháin airgid srl. chun sprid a mhúscailt.

- D'fhonn cinntiú go laghdófar líon na gcásanna d'iompar míshásuil an oiread agus is féidir, déanfaidh múinteoirí gach iarracht a gcuid teagaisc a eagrú sa chaoi go ndéanfar freastal cuí ar chumas agus ar riachtanais gach dalta aonair an oiread agus is féidir. Dá réir sin beidh an fhoghlaim chomh spéisiúil, spreagúil agus éagsúil agus a bheidh indéanta.

- Minéofar rialacha na scoile go rialta do na páistí agus na fáthanna atá leo. Leagfar béim ar chosaint cearta gach aon dalta maraon le cearta an mhúinteora mar dhuine daonna sa seomra ranga.

- Lorgófar moltaí ó dhaltaí féin nuair a mheastar go bhfuil sé seo feiliúnach. Beidh gach múinteoir eolach go hiomlán ar pholasaithe iompar na scoile agus é/í freagrach i gcónaí as iompar na ndaltaí is cuma cén rang lena mbaineann siad. Beidh tionól ann go rialta chuige seo.

- Coinneoidh gach múinteoir cuntas scríofa ar iompar gach dalta faoina c(h)úram, mar shampla, dáta, saghas iompair, céard a rinneadh leis an scéal a chur ina cheart, cen sórt toradh a bhí leis 'srl. Déantar chuile iarracht tuismitheoirí a choinneáil ar an eolas faoi iompar a bpáistí. Déantar é seo tríd an Dialann Obair Bhaile, cruinnithe tuismitheoirí, glaoch gutháin nó focal ag an doras. Ní bheadh sé feiliúnach ná praicticiúil chuile mhion-choir a luadh le tuismitheoirí ach má cheapann an múinteoir go bhfuil an iompar ag dul in olcas, cuirfidh siad an tuismitheoir ar an eolas chun tacaíocht an tuismitheora a fháil chun an iompar a fheabhsú arís.

- Tá cead ag chuile thuismitheoir cruinnithe a eagrú leis an múinteoir i rith na scoilbhliana chun iompar a bpáistí a phlé. Is féidir coinne a dhéanamh trí oifig na scoile.

- Go hiondúil reiteoidh an t-oide aonair a c(h)uid fadhbanna iompair féin ach anois is arís tig leis /leí tacaíocht agus comhairle a lorg ó mhúinteoir eile nó ón bpríomhoide/leasphríomhoide i gcásanna áirithe.

- Tá dea-cháil ar pháistí na scoile ó thaobh iompair de agus tugtar aiseolas dóibh go minic tar éis turais scoile nó cluichí, mar shampla.

Tá sé mar aidhm againn go mbeidh an dea-iompar ag teacht ó na páistí gan treoir ón múinteoir de réir mar a théann siad tríd an scoil, i.e. ag dul i dtreo an cineál féinsmachta a bheidh uathu mar dhaoine fásta.

Tá sé aitheanta go mbíonn na nósanna iompair forbartha agus daingnithe don chuid is mó roimh aois a 4, 'sé sin sula dtagann na páistí ar scoil. Ní foláir do na tuismitheoirí dea-nósanna agus dea-iompar a chothú sna páistí ag aois an-óg agus éiríonn lena bhformhór.

**Poncúlacht**

Caithfear as láithreachtaí a thaifead agus a thuairisciú de reir threoirlínte TUSLA.

Féach an polasaí scoile ar phoncúlacht chun tuilleadh eolais a fháil maidir leis seo.

**Riachtanais Speisialta**

I gcásanna áirithe bíonn clár ar leith leagtha amach do pháistí áirithe i gcomhar leis na tuismitheoirí, an OT agus an siceolaí atá ag plé leo. Sna cásanna seo go hiondúil bíonn cúntóir riachtanais speisialta ag an bpáiste le cabhrú leis/léi cloí leis an gclár agus feabhas a chur ar an iompar. Thar na blianta tá éifeacht an chur chuige seo le feiceáil go sonrach sna páistí.

Tá sé mar aidhm ag chuile thuismitheoir agus againn fhéin go gcaithtear mar a chéile le gach páiste chomh fada agus is féidir agus nach mbeidh páistí ag aireachtáil difriúil ar aon bhealach ó pháistí eile. É sin ráite, tá sé tábhachtach go míneofar an Cód Iompair ar bhealach a thuigeann na páistí le riachtanais speisialta é.

**Céard atá uainn ó thaobh iompair de?**

- Dea-bhéasaí a léiriú i gcónaí. Beannachtaí ar nós: A mhúinteoirTreasa/Brian; Dia dhuit/ go raibh maith agat/ gabh mo leithscéal srl.

- Gaeilge a labhairt i gcónaí i dtimpeallacht na scoile, turais agus imeachtaí seachtracha scoile san áireamh. Ag súil le tacaíocht ó thuismitheoirí/caomhnóirí i gcónaí ina leith seo.

- Go gcloífí le rialacha na scoile/clóis/glaineachta mar atá leagtha amach thíos agus na rialacha ranga aontaithe.

- An chaoi a n-éisteann siad le múinteoirí agus le chéile – gan cur isteach ar dhaoine eile má tá comhrá ar siúl, seasamh go haireach, gan aon chraitheadh den chloigeann, guaillí, súile i dtreo na spéire 'srl.

- Obair bhaile a bheith déanta go slachtmhar, críochnúil. Obair bhaile a bheith tógtha sios go cúramach, seiceáilte agus sínithe gach oíche ag tuismitheoir/caomhnóir. Má tá fadhb ar bith, is féidir nóta a sheoladh isteach sa *Dialann Scoláire* ag míniú an scéil.

- An chaoi a suíonn na gasúir sa rang (gan bheith ag luascadh ar an gcathaoir)

- Go mbeidh na gasúir airdeallach nuair atá fógraí scoile á ndéanamh.

- Bréagáin, bailiúcháin cártaí spraoi (*Match Attax, Pokémon* srl.) nó aon ábhar eile a d'fhéadadh cur isteach ar obair ranga a fhágáil sa mbaile.

- An seomra ranga agus an pasáiste a choinneáil slachtmhar néata i gcónaí, -leabhair, ciseáin, críáin, cótaí 'srl. Cúram a thabhairt do bhallaí péinteáilte, dóirse agus troscán uile na scoile – gan marcanna a fhágáil trí mhí-chúram.

- Ómós a léiriú do dhignit daoine eile agus a gcuid maoine.

- Iarraimid ar thuismitheoirí/caomhnóirí aire mhaith a thabhairt dá ngasúir taobh amuigh d'uaireanta scoile i dtimpeallacht na scoile mar nach féidir leis an scoil a bheith freagrach astu ag na hamanta seo. Tabhair faoi ndearadh go mbíonn ranganna ar siúl go dtí 2:30 agus bí cinnte nach gcuirtear isteach orthu ar aon bhealach le gleo taobh amuigh.

- Táthar ag súil go mbeidh páistí in am don scoil i gcónaí agus réidh chun oibre.

Is daoine proifisiúnta iad na múinteoirí agus bíonn orthu cinntí a dhéanamh go laethúil maidir le iompar agus smachtbhannaí. Go minic bíonn discréid ag teastáil chun an toradh is fearr a fháil don pháiste agus don rang. Fágfar é sin faoin múinteoir, i gcomhar lena chomhghleacaithe nó leis an bPríomhoide más gá.

Tá sé de dhualgas, freisin, ar thuismitheoirí an scoil a chur ar an eolas má tá cuinsí áirithe sa bhaile a d'fhéadfadh cur isteach ar iompar an pháiste ar scoil chun eachtraí droch-iompair a sheachaint.

**<u>Stráitéisí chun Dea-Iompar a chothú</u>**

Tá roinnt mhaith straitéisí in úsáid sa scoil chun an dea-iompar a chur chun cinn. Ina measc siúd tá

- Bíonn na páistí rannpháirteach leis an múinteoir ranga i ndearadh na rialacha ranga ag tús na scoilbhliana.
- Moladh ó bhéal – ón múinteoir ranga agus pobal uile na scoile
- Stampaí  - Gaeilge agus Iompar
- An Bosca Dearfach (pasanna obair bhaile mar dhuaiseanna)
- Dojo (aonair, grúpa nó ranga)
- Corn na Gaeilge
- Cairteacha Iompair
- Am Ciorclach sna hardranganna
- Am Órga
- An Cúrsa Misneach/Bí Sábháilte
- Turais

agus ar ndóigh tá dea-iompar mar chroílár na ranganna Teagasc Críostaí, agus OSPS.

Athraíonn na stráitéisí seo ó am go ham le spéis na bpáistí a choinneáil beo agus le éifeacht níos mó a bheith leo.

Tá an cúrsa *Incredible Years* déanta ag ceathrar múinteoir ar an bhfoireann. Cuireadh an fócas ar na ranganna is mó ar theastaigh an cúnamh seo uathu agus tá sé i gceist leathnú a dhéanamh ar an gclár seo amach anseo.

**<u>Iniúchadh ar mhí-iompar</u>**

Is dócha gur cheart a luadh ag an tús gur minicíocht an drochiompair an fachtóir is mó a chaithfear a chur san áireamh anseo.

Má tá mionchoir á dhéanamh go rialta agus go minic, iontaíonn sé ina chor i bhfad níos dairíre agus bíonn ar an múinteoir deighleáil leis ar bhealach difriúil.

**Míbheart:** Cúpla sampla;

- easpa airde sa rang
- freagairt amach gan cead
- ag siúl timpeall ag am mífheiliúnach
- ag caint le páiste eile nuair ba cheart dóibh a bheith ag obair &rl.
- iompar a chuireann isteach ar obair an ranga nó ar obair an pháiste.

**Drochiompar tromchúiseach:** Cúpla sampla;

- aisfhreagairt
- úsáid drochtheanga
- ag inseacht bréaga go rialta
- páiste eile a bhuaileadh d'aon ghnó le dorn nó le cic
- bulaíocht (féach polasaí frithbhulaíochta)
- damáiste d'aon ghnó do mhaoin.

## Gearáin/Cúiseanna Imní

Fáilteofar le aiseolas ó thuismitheoirí agus páistí i gcónaí. Féach an polasaí scoile ar nósmhaireacht gearáin chun an próiséas cuí a fháil amach.

Déantar iarracht i gcónaí réiteach a dhéanamh ag an leibhéal is ísle i dtosach. Is ceart coinne a dhéanamh leis an múinteoir ranga i dtosach chun aon cheist a phlé agus chun míthuiscintí a sheachaint.

## Rialacha Scoile

- Bí béasach agus ómósach i gcónaí.
- Bí ag éisteacht i gcónaí.
- Siúil sa scoil i gcónaí.
- Fan socair, ciúin agus béasach sa líne agus ag am lóin ar lá fliuch.
- Cuir suas do lámh má tá tú ag iarraidh labhairt (ach amháin nuair atá caint ceadaithe i ngrúpa srl.).
- Riail na Gaeilge - 'sí an Ghaeilge teanga labhartha na scoile cé'smóite den rang Béarla.
- Léirigh meas ar throscán agus ar fhearais na scoile i gcónaí.
- Ná bris rialacha an chlóis nó an leithris.

## Rialacha an Chlóis

- Téigh chuig an leithreas sula dtéann tú amach.
- Teastaíonn nóta nó cead ón múinteoir le fanacht istigh.
- Siúil isteach agus amach go ciúin béasach i gcónaí.
- Níl cead liathróid a thabhairt amach sa chlós ag an sos beag.
- Léirigh ómós do pháistí eile agus do threalamh na scoile i rith am spraoi.
- Ná déan aon rud nach bhfuil sábháilte.
- Fan taobh istigh de theorainneacha an chlóis.
- Má tá ceist, nó fadhb ag éinne nó má tharlaíonn timpiste labhair leis an múinteoir atá ar an gclós i dtosach.

- Stoptar an spraoi ar an bpointe a mbuailtear an chéad chloigín.
- Caithfidh gach páiste a bheith socair ciúin agus béasach sa líne chomh luath agus a bhuailtear an dara cloigín.

**Rialacha Glaineachta**

- Téigh chuig an leithreas idir ceachtanna nó ag am sosa, ní nuair atá an múinteoir ag teagasc.
- Ceadaítear duine amháin sa leithreas ag an am.
- Dea-nósanna glaineachta a chleachtadh i gcónaí; níochán lámha‘srl.
- Caithfear cead a fháil ó mhúinteoir le dul isteach sa scoil chuig an leithreas ón gclós.

**Smachtbhannaí i gcás mí-iompair**

- Réasúnú leis an bpáiste agus comhairle a leasa a chur air/uirthi.
- Foláireamh.
- Nóta a dhéanamh faoin mí-iompar sa chóipleabhar iompair.
- Cuirfear píonós i bhfeidhm, sé sin:-

    - An páiste a scaradh go sealadach óna rang-ghrúpa.
    - Am machnaimh ag am lóin.
    - Línte le scríobh.
    - Obair bhaile bhreise.
    - Cosc ó phribhiléidí.

- Seolfar an páiste chuig an bpríomhoide/leasphríomhoide. Beidh air/uirthi cuntas gearr a scríobh ar an iompar míshásúil agus é a fháil sínithe ag na tuistí sa bhaile.
- Páiste a mhoilliú tar éis scoile.
- Déanfar cruinniú a shocrú leis na tuismitheoirí in éineacht leis an bpríomhoide/leasphríomhoide agus leis an múinteoir ranga.
- Páiste á chur ar fionraí, údaraithe ag an mBord Bainistíochta.
- Páiste a dhíbirt, údaraithe ag an mBord Bainistíochta.

Tá an polasaí scríofa i nGaeilge agus cé go gcuirfear aistriúchán Béarla ar fáil, má tá aon difríocht idir an leagan Béarla agus an leagan Gaeilge, ‘sí an leagan Gaeilge a fhaigheann tús áite.

**<u>Aguisín 1</u>:**

**Fionraí**

Tá an t-údarás ag an mBord Bainistíochta páistí a chur ar fionraí. Tá an t-údarás do lá amháin fionraíochta do aon pháiste ar leith tairmligthe i scríbhinn don Phríomhoide ag an mBord Bainistíochta. Caithfear Cathaoirleach an Bhoird a chur ar an eolas má tharlaíonn sé seo agus caithfear a chur in iúl don Bhord ag an gcéad chruinniú eile gur tharla a leithéid.

D'fhéadfadh fionraí a bheith i gceist mar fhreagra ar iompar ar cúis imní é.

Mar shampla:

- go raibh  dochrach tromchúiseach ag iompar an mhic léinn ar oideachas na mac léinn eile.
- go bhfuil bagairt ann do shábháilteacht agus an mac léinn ag fanacht ar scoil i láthair na huaire.
- go bhfuil an mac léinn freagrach as damáiste tromchúiseach do mhaoin.
- Ionsaí fisiciúil d'aon ghnó le dorn nó le cic ar dhuine eile.

Féadfaidh mí-iompar tromchúiseach amháin a bheith ina fhoras le duine a chur ar fionraí.

(Féach l. 74 Cód Iompair a Fhorbairt: Treoirlínte i gcomhair Scoileanna)

Fionraí láithreach i gcúinsí eisceachtúla. Féadfaidh an Príomhoide a bhreithniú go bhfuil fionraí láithreach oiriúnach i gcás ina léireofaí go mbeadh láithreacht leantach an mhic léinn ag an am sin mar fhíorbhagairt do shábháilteacht na mac léinn nó foirne na scoile nó do dhuine ar bith eile.

- Caithfear an páiste agus a thuismitheoirí a chur ar an eolas maidir leis an ngearán.
- Caithfear an deis a thabhairt do thuismitheoirí agus do mhic léinn freagra a thabhairt.

I gcás fionraíochta i nGaelscoil Dara, leanfar na nósanna imeachta atá leagtha amach faoi Acht Oideachais (leas.) 2000, (féach   Cód Iompair a fhorbairt: Treoirlínte i gcomhair scoileanna.

**<u>Aguisín 2:</u>**

**Díbirt**

Tá údarás ag an mBord Bainistíochta mac léinn a dhíbirt ón scoil agus acu sin amháin i nGaelscoil Dara.

**<u>Na forais le haghaidh díbeartha</u>**

Is céim ollthromchúiseach é díbirt agus ceann a chaithfidh an Bord Bainistíochta a ghlacadh i gcásanna tromchúiseacha iompair.

Beidh bearta suntasacha curtha i bhfeidhm le dul i ngleic leis an mí-iompar chun díbirt an mhic léinn a sheachaint, lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí:

- bualadh le tuismitheoirí agus leis an mac léinn le hiarracht a dhéanamh dóigheanna a fháil lena n-iompar do-ghlactha a athrú
- a chinntiú go dtuigeann an mac léinn torthaí féideartha a n-iompair, dá leanfadh sé ar aghaidh
- a chinntiú go bhfuil iarracht déanta gach rogha eile a chíoradh
- cuidiú a iarraidh ar ghníomhaireachtaí tacaíochta (An tSeirbhís Náisiúnta Siceolaíochta Oideachais, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, An tSeirbhís Náisiúnta um Thacaíocht Iompair, Seirbhísí Meabhairghalair Leanaí agus Ógánach, An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta).

Éilíonn moladh chun mac léinn a dhíbirt forais thromchúiseacha, mar shampla:

- go mbíonn tionchar díobhálach buanseasmhach ag iompar an mhic léinn ar oideachas na mac léinn eile
- go bhfuil fíorbhagairt shuntasach ann do shábháilteacht na mac léinn nó na ndaoine eile fad is a bhíonn an mac léinn sa scoil
- go bhfuil an mac léinn freagrach as damáiste tromchúiseach do mhaoin.

Tá na forais le haghaidh díbeartha a bheith cosúil leis na forais le haghaidh fionraí. Chomh maith leis na tosca amhail tromchúis agus leanúnachas an iompair, an difríocht is mó eatarthu ná i gcás díbeartha go bhfuil na húdaráis scoile tar éis triail a bhaint as raon idirghabhálacha, agus go bhfuil siad den tuairim go bhfuil na féidearthachtaí go léir cíortha acu le hathrú ar iompar an mhic léinn a bhaint amach.

**Nósanna imeachta i ndáil le díbirt**

I gcás díbeartha i nGaelscoil Dara, leanfar na nósanna imeachta atá leagtha amach faoi *Acht Oideachais (Leas.) 2000*, *Cód Iompair a fhorbairt: Treoirlínte i gcomhair scoileanna.*

I gcás go ndearbhaíonn réamh-mheasúnú ar na fíricí go bhféadfaí mac léinn a dhíbirt de bharr a iompair, d'áireodh na céimeanna gnásúla iad seo a leanas:

1. Imscrúdú sonrach faoi stúir an Phríomhoide.
2. Moladh ón bPríomhoide chuig an mBord Bainistíochta.
3. Breithniú an Bhoird Bhainistíochta ar mholadh an Phríomhoide, agus éisteacht a reachtáil.
4. Breithniúcháin an Bhoird Bhainistíochta agus bearta i ndiaidh na héisteachta.
5. Comhairliúcháin arna n-eagrú ag an Oifigeach Leasa Oideachas.
6. Dearbhú ar an gcinneadh an mac léinn a dhíbirt.

Glactar leis sna nósanna imeachta seo gurb é an Bord Bainistíochta an foras cinnteoireachta maidir le díbirtí.

Is don Bhord Bainistíochta é cinneadh a dhéanamh céard iad na tascanna sna céimeanna gnásúla seo a mbeadh gá cruinnithe ar leithligh a bheith ann dóibh agus céard iad na tascanna a bhféadfaí iad a chur i gcrích i gcruinniú amháin, i gcomhréir le fógra cuí a thabhairt do thuismitheoirí agus am cóir réasúnta a thabhairt d'éisteacht Boird.

**Athchomhairc**

Is féidir le tuismitheoir nó le mac léinn ata níos sine ná ocht mbliana déag d'aois, achomhairc a dhéanamh ar an gcinneadh díbeartha d'Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Scileanna, (faoi *Acht Oideachais 1998, Alt 29*). Is féidir achomharc a dhéanamh ar an gcinneadh ag TUSLA ar son mic léinn.

**An Próiséas Achomhairc**

Tosaíonn an próiséas faoi alt 29 den Acht Oideachais, 1998 le hidirghabháil a sholáthar ag idirghabhalaí ceaptha ag an gCoiste Achomhairc (An Roinn Oideachais agus Scileanna). Le tuilleadh eolais a fháil faoin bPróiséas Achomharc, agus riachtanais le haghaidh doiciméadúcháin agus na céimeanna sa phróiseas, féach treorú reatha na Roinne Oideachais agus Scileanna.